CINNEADH (AE) 2023/1477 ÓN gCOMHAIRLE

an 14 Iúil 2023

maidir le síniú, thar ceann an Aontais, an Chomhaontaithe idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta 1994 um Tharaifí agus Trádáil (GATT), comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach

TÁ COMHAIRLE AN AONTAIS EORPAIGH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, agus go háirithe Airteagal 207(4), an chéad fomhír de, i gcomhar le hAirteagal 218(5) de,

Ag féachaint don togra ón gCoimisiún Eorpach,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) An 15 Meitheamh 2018, thug an Chomhairle údarú don Choimisiún tús a chur le caibidlíocht de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 maidir le cionroinnt na gcuótaí rátaí taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais, mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas.

(2) Tugadh an chaibidlíocht le Daon-Phoblacht na Síne i gcrích agus cuireadh inisealacha leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (CGTT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais mar thoradh ar tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach ('an Comhaontú') an 18 Aibreán 2023.

(3) Ba cheart an Comhaontú a shíniú,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Leis seo, údaraítear an Comhaontú i bhfoirm Malartú Litreacha idir an tAontas Eorpach agus Daon-Phoblacht na Síne de bhun Airteagal XXVIII den Chomhaontú Ginearálta um Tharaifí agus Trádáil (GATT) 1994 a bhaineann le modhnú na lamháltas ar na cuótaí ráta taraife uile a áirítear i Sceideal CLXXV an Aontais de thoradh tharraingt siar na Ríochta Aontaithe as an Aontas Eorpach a shíniú thar ceann an Aontais, faoi réir an Comhaontú sin a thabhairt i gcrích ([1]).

Airteagal 2

Leis seo, údaraítear Uachtarán na Comhairle an duine (na daoine) a ainmniú a mbeidh sé de chumhacht aige/acu an Comhaontú a shíniú thar ceann an Aontais.

Airteagal 3

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm ar dháta a ghlactha.

([1]) Foilseofar téacs an Chomhaontaithe in éineacht leis an gcinneadh maidir lena thabhairt i gcrích.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Iúil 2023

Thar ceann na Comhairle
An tUachtarán
N. CALVIÑO SANTAMARÍA